

# Seirbhís sláinte ardchaighdeáin a thógáil d'Éirinn níos folláine

## Plean Corparáideach Fheidhmeannacht na Seirbhís Sláinte 2015-2017

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

# Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá ón Ardstiúrthóir | 2 |
| Fís agus Misean | 3 |
| Luachanna | 4 |
| Ár bPlean | 5 |
| Cuspóirí | 6 |
| Seirbhís Sláinte sa Todhchaí Múnla Seachadta | 16 |
| Conclúid | 16 |

# Réamhrá ón Ardstiúrthóir

Leagann ár bPlean Corparáideach amach an dóigh a bhfuil sé i gceist againn an tseirbhís sláinte a fheabhsú sna trí bliana seo romhainn. Táimid ag iarradh seirbhís sláinte a chur ar fáil a bheidh ar chaighdeán domhanda agus ar fáil san áit a dteastaíonn sé ó dhaoine agus nuair a theastaíonn sé uathu. Ba chóir go gcuirfeadh sé na torthaí is fearr is féidir ar fáil do dhaoine, mar gurb shin atá gach duine a úsáideann ár seirbhísí ag súil leis. Dá réir sin, tá cuspóirí agus tosaíochtaí uaillmhianacha leagtha síos againn a chuirfidh dua orainn. B'fhéidir nach mbeimid in ann iad a dhéanamh go léir ach déanfaimid gach iarracht go cinnte.

## Seasfaidh ár dteacht aniar dúinn

Bhí tionchar an chúlú eacnamaíocht le cúpla bliain anuas an-deacair ar gach duine. Ba é an scéal céanna é inár seirbhísí sláinte, d'úsáideoirí ár seirbhísí agus don fhoireann a bhí á gcur ar fáil. Dúshlán do gach duine againn a bheith ag déanamh níos mó le níos lú acmhainní.

Is mian liom aitheantas ar leith a thabhairt dar bhfoireann as a dteacht aniar agus a mbuanseasmhacht. Tá súil agam go bhfuilimid ag tosú amach ar thuras níos dearfaí, ceann ina bhfuil an téarnamh geilleagrach ag léiriú comharthaí feabhais sa timpeallacht airgeadais do chúrsaí sláinte in 2015 agus ina dhiaidh.

## Tá méadú tagtha ar an ionchas saoil

Tá méadú tagtha ar an ionchas saoil in Éirinn agus é os cionn mheán an AE. Táimid ag maireachtáil níos faide de bharr dul chun cinn sa leigheas, sa teicneolaíocht agus le múnlaí cúraim níos fearr.

Tá an daonra ag dul in aois agus ardú beagnach 10% sa ghrúpa os cionn 65 bliain d'aois (breis agus 58,000 duine) thar chúrsa an phlean seo. Ardóidh líon na ndaoine os cionn 85 bliain de 12% (7,822 duine). Athruithe iontacha deimhneacha iad sin agus fáiltímid rompu. Ach sin ráite, tá a fhios againn go méadaíonn galair ainsealacha le haois. Trí ghalar ainsealacha – galair chardashoithíoch, riospráide agus ailse – is cúis le trí ceathrú cuid de na básanna go léir in Éirinn. Caithfimid ar fad a bheith páirteach san iarracht leis na rátaí sin a laghdú.

## Beidh na daoine lárnach sa dóigh a ndéanfaimid na seirbhísí a sheachadadh

Caithfidh daoine trost agus muinín a bheith acu as ár seirbhísí. Táimid ag iarradh seirbhísí a sholáthar a choinneoidh daoine sláintiúil agus na húsáideoirí a bheith i lár na hoibre sin. Cinnteoidh an múnla cúraim go mbeidh ár seirbhísí comhtháite ar fud na n-ospidéal agus na bpobal ionas go mbeidh sé níos éasca ag daoine a theacht orthu is cuma cá bhfuil cónaí orthu.

## Fócas ar athchóiriú agus torthaí níos fearr

Tá Grúpaí Ospidéal bunaithe againn agus táimid ag bunú Eagraíochtaí Cúram Sláinte le cuidiú linn múnla cúraim ardchaighdeáin comhtháite a chur ar fáil. Leis na Cláir Náisiúnta Comhtháite Cúraim tiocfaidh feabhas ar an gcúram cliniciúil agus cáilíochta ar fud na nGrúpaí Ospidéal agus sna hEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail ar bhealach comhtháite. I gcomhar lenár gcomhghleacaithe, lenár gcomhpháirtithe san earnáil dheonach agus le lucht déanta beartas, leanfaimid ag measúnú agus ag athchóiriú an bhealaigh a soláthróimid ár seirbhísí sláinte sna blianta atá romhainn lena chinntiú go bhfaighimid na torthaí is fearr agus an luach is fearr ar airgead.

## Nascann ár luachanna le chéile sinn

Triailfimid cloí lenár luachanna – *Cúram, Taise, Trust agus Foghlaim* – gach lá agus i ngach a dhéanaimid. Bíonn tionchar ag ár luachanna ar an dearcadh agus an iompraíocht a bhíonn againn i leith na ndaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh agus leo sin a mbíonn teagmháil ghairmiúil againn leo. Caithfimid a bheith níos fonnmhara leis na ceachtanna a fhoghlaímid ó bhotúin a stairiúla agus a bheith nuálacha inár n-iarracht chun cúrsaí a fheabhsú. Caithfimid ár dtiomantas do na luachanna sin a chruthú nuair a théann nithe in aimhréidh.

## Leagann ár bhfís amach ár mian

Leagann ár bhfís amach na nithe atáimid ag iarradh a bhaint amach agus an dóigh a n-eagróimid agus a soláthróimid ár seirbhísí thrá thréimhse an phlean. Níl gach ní atáimid ag iarradh a dhéanamh leagtha amach go sonrach sa phlean seo ach tugann sé tuairim ghinearálta faoin áit a bhfuilimid ag dul agus faoi na nithe atáimid ag iarradh a bhaint amach. Gach bliain, inár bPlean Naisiúnta Seirbhísí, tabharfar na sonraí faoina mbeidh leagtha amach againn. I gcásanna áirithe, beidh ár gcumas chun an réimse iomlán uaillmhianta a bheidh leagtha amach sa phlean sin ag brath ar bhreis maoinithe a bheith ar fáil agus ar athruithe a dhéanamh ar bheartais agus ar reachtaíocht. Ach sin ráite, tá go leor is féidir linn a dhéanamh go fóill laistigh de na hacmhainní reatha atá againn.

Níl an todhchaí gan dúshláin. Ach lena chois sin, tabharfaidh sé deiseanna nua dúinn oibriú le chéile i dtreo Éire níos sláintiúla ina mbeidh seirbhís sláinte d'ardchaighdeán agus meas ag cách uirthi.



**Tony O'Brien**
Ardstiúrthóir

# Fís

- Éire níos sláintiúla ina mbeidh seirbhís sláinte d’ardchaighdeán agus meas ag cách uirthi

# Misean

- Pobal na hÉireann ag fáil tacaíochta ó sheirbhísí sláinte agus sóisialta lena n-acmhainn iomlán a bhaint amach
- Pobal na hÉireann in ann cúram sábháilte, atruach agus ardcháilíocht sláinte a fháil nuair a theastaíonn sé uathu
- Daoine in Éirinn a bheith muiníneach go seachadfaimid na torthaí sláinte agus na luachanna is fearr tríd an úsáid is fearr a bhaint as ár n-acmhainní

# Luachanna

## Cúram

- Cuirfimid cúram den scoth ar fáil
- Cuirfimid an cleachtas is fearr ar fáil bunaithe ar fhianaise
- Éisteoimid le dearcadh agus le tuairimí ár n-othar agus ár n-úsáideoirí seirbhísí agus cuirfear san áireamh iad sa dóigh a phleanálfaimid agus a sholáthróimid ár seirbhísí

## Taise

- Taispeánfaimid meas, cineáltas, tuiscint agus ionbhá inár gcaidreamh agus inár n-idirghníomhaíochtaí le daoine
- Beimid cúirtéiseach agus oscailte inár gcaidreamh le daoine agus tabharfaimid aitheantas dá bhfiúntas bunaidh
- Cuirfimid seirbhísí ar fáil le dínit agus léireoimid gairmiúlacht i gcónaí

## Trust

- Cuirfimid seirbhísí ar fáil i mbeidh trust agus muinín ag daoine astu
- Beimid oscailte agus follasach sa bhealach a gcuirimid seirbhísí ar fáil
- Léireoimid macántacht, ionracas, comhsheasmhacht agus freagracht inár gcinntí agus inár ngníomhaíochtaí

## Foghlaim

- Cothóimid an fhoghlaim, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht
- Tacóimid lenár bhfórsa saothair agus spreagfaimid iad chun a n-acmhainn iomlán a bhaint amach
- Nuair a bheidh rud éigean mícheart, admhóimid é sin, gabhfaimid leithscéal, cuirfimid ina cheart é agus foghlaimeoimid ceacht uaidh

Déanfaimid iarracht cloí lenár luachanna gach lá agus leanfaimid dá bhforbairt thar chúrsa an phlean seo

Ár Luachanna
Cúram Taise Trust Foghlaim

# Ár bPlean

Sa Phlean Corparáideach seo tá ár 5 chuspóir, na beartais is gá chun iad a sheachadadh agus mar a thomhaisfimid dul chun cinn

**Cuspóir 1**

- Sláinte agus folláine a chur chun cinn mar chuid de gach ní a dhéanaimid chun go mbeadh daoine níos sláintiúla

**Cuspóir 2**

- Rochtain a chur ar fáil ar an tseirbhís sláinte ardchaighdeáin atá daoine a iarradh, ar mhodh féaráilte, cothrom agus tráthúil

**Cuspóir 3**

- Cultúr a chothú a bheidh macánta, atruach, follasach agus freagrach

**Cuspóir 4**

- Ár bhfórsa saothair a ghníomhú, a fhorbairt agus meas a bheith orthu chun an cúram agus na seirbhísí is fearr a sheachadadh do na daoine atá ag brath orthu

**Cuspóir 5**

- Acmhainní a bhainistiú chun na torthaí sláinte is fearr a fháil, an tseirbhís do na húsáideoirí a fheabhsú agus luach ar airgead a léiriú

# Cuspóir 1

## Sláinte agus folláine a chur chun cinn mar chuid de gach ní a dhéanaimid le daoine a bheith níos sláintiúla

Táimid ag iarradh saol maith a bheith ag daoine agus iad a bheith chomh sláintiúil agus is féidir. Táimid ag iarradh go mbeadh tionchar maith ag an tseirbhís sláinte ar shláinte agus ar fholláine gach duine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Tacóimid le daoine a bheith chomh sláintiúil agus is féidir trí roghanna sláintiúla saoil a chur chun cinn.

## Ár Mian

Measúnóimid riachtanais sláinte an phobail agus forbróimid cláir a dhearfar chun freastal ar na riachtanais sin agus sláinte mhaith fhisiciúil agus mheabhrach a chothú. Déanfaimid é sin do gach céim saoil, ón mbroinn, aois linbh, ógántacht, aosacht agus seanaois.

Oibreoimid le gach eagraíocht ábhartha chun díriú ar na gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta as a dtagann drochshláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus chun déileáil le míchothromaíochtaí.

Chun ár mian a bhaint amach, díreoimid ár n-iarrachtaí ar chúig phríomhréimse, mar atá: breis aclaíochta a chothú, bia sláintiúil a spreagadh, laghdú a dhéanamh ar chaitheamh tobac agus ólachán alcóil, agus daoine a chumasú chun braistint folláine a bheith acu.

Tá a fhios againn gur trí ghalar ainsealacha is cúis le trí ceathrú de na básanna in Éirinn – ailse, galar cardashoithíoch agus galar riospráide. Tá fianaise láidir ann go ndéanann sé difríocht shuntasach chun na galair ainsealacha sin a laghdú má athraímid an stíl mhaireachtála a bhíonn againn. Tá sé mar aidhm againn tacú le daoine é sin a dhéanamh trí chuidiú leo le roghanna maireachtála níos sláintiúla a ghlacadh. Lena chois sin, leathnóimid den fhorbairt ar an gclár scagthástála chun tinnis a dhiagnóisiú agus a bhrath agus cóireáil a chur orthu a luaithe agus is féidir. I gcás ár leanaí, tabharfaimid cosaint dóibh ó ghnáthghalair agus ionfhabhtuithe na hóige trí chláir imdhíonaithe agus seiceálacha sláinte forbarthacha.

I gcás na ndaoine sin a bhfuil riachtanais speisialta acu, daoine scothaosta agus daoine le míchumas san áireamh, tacóimid leo chun saol chomh neamhspleách agus is féidir a bheith acu trí réimse tacaíochtaí a chur ar fáil a bheith oiriúnach dá gcuid riachtanas ar leith.

## Nithe a Dhéanfaimid

- An Straitéis *Éire Sláintiúil* a fheidhmiú ar fud ár n-eagraíochta agus ár seirbhísí (ar fáil ó www.health.gov.ie/healthy-ireland/)
- Galarchosc, aimsiú luath agus féin-bhainistíocht a chomhtháthú inar gCláir Chúraim Comhtháite
- Galair ainsealacha a laghdú trí dhíriú ar réimsí ar nós aistí bia, cothúchán agus gníomhaíocht fhisiciúil, murtall, tobac, alcól agus mí-úsáid substaintí
- Tacaíocht a thabhairt dá bhfoireann agus iad a spreagadh chun aire a thabhairt dá sláinte agus dá bhfolláine féin
- Sláinte mhaith mheabhrach a chur chun cinn, mar aon le haosú dearfach agus sláinte mhaith gnéis
- Ár gcláir scagthástála a sheachadadh agus a leathnú, scagadh brollaigh, ceirbheacs, putóige agus reitineapaite diaibéitis san áireamh
- Seirbhísí pobail a chur ar fáil a bheidh dírithe ar an duine chun tacú le neamhspleáchas agus le rogha do dhaoine scothaosta agus do dhaoine le míchumais
- Múnla scagthástála do leanaí a chur i bhfeidhm agus feabhas a chur ar na rátaí náisiúnta imdhíonaithe
- Cláir a chur i bhfeidhm chun laghdú a dhéanamh ar ionfhabhtuithe a fhaightear ó chúram sláinte
- Níos lú daoine le míchumas a bheith ina gcónaí i láithreacha comhchónaithe
- Tacaíocht a bheith ag 96% de dhaoine os cionn 65 bliain d'aois chun maireachtáil go neamhspleách ina dteach féin
- Méadú ar na leibhéil de chónaí tacaithe i bpobail áitiúla
- Cloí níos fearr leis an m*Beartas um Chosaint do Dhaoine Soghonta atá i mBaol Mí-úsáide*
- Ráta roghnúcháin a ardú go dtí 95% d'imdhíonadh leanaí
- An ráta roghnúcháin a ardú go dtí 85% don imdhíonadh papalómaivíris daonna (HPV)
- *An Creat Náisiúnta um Féinmharú a Chosc* a chur i bhfeidhm



## Mar a Thomhaisimid Rathúlacht

- Laghdú go dtí <15% den phobal a dhéanamh ar leitheadúlacht chaitheamh tobac
- Méadú 3% a chur ar líon na ndaoine atá laistigh de réimse sláintiúil meáchain
- Laghdú 0.5 lítear d'alcól íon a dhéanamh ar an méid alcóil a thógann daoine os cionn 15 bliana d'aois gach bliain
- BreastCheck: Méadú a chur ar an ráta roghnúcháin de >70% de mhná in aois 50-64 a raibh mamagram acu
- CervicalCheck: Clúdach 80% de mhná incháilithe a bhaint amach laistigh den chlár scagthástála
- BowelScreen: Ráta roghnúcháin 60% de dhaoine incháilithe a fháil laistigh den chlár scagthástála
- RetinaScreen diaibéiteach: Ráta roghnúcháin 80% de dhaoine aonaracha incháilithe a fháil laistigh den chlár scagthástála

## Nithe atá ar Eolas Againn Anois

- **Ardóidh galair ainsealacha 4% gach bliain**
- **Beidh fadhbanna le sláinte mheabhrach ag 1 as gach 5 againn inár saol**
- **Tá diaibéiteas ag 1 as gach 10 atá os cionn 50 bliain d'aois**
- **Tá 1 as gach 5 leanaí róthrom**
- **Tá 3 as gach 5 duine fásta róthrom**
- **Ardóidh an ailse 4% gach bliain**
- **Faightear 36,000 cás nua ailse gach bliain**
- **Tá galar trom scamhóg ar 500,000 duine**
- **Caitheann 19.5% den phobal tobac**

# Cuspóir 2

**Rochtain ar an ardchaighdeán seirbhíse sláinte a theastaíonn ó dhaoine a sholáthar go féaráilte, go cothrom agus go tráthúil. Caithfimid rochtain éasca a thabhairt do dhaoine ar na seirbhísí atá uathu**

Ní mór do na seirbhísí sin a bheith comparáideach leis na cinn is fearr atá ag tíortha eile, agus iad a bheith sábháilte agus ar fáil do dhaoine san áit cheart agus nuair a bhíonn siad ag teastáil.

## Ár Mian

Soláthróimid seirbhísí cúram pobail agus príomhúil den scoth a mbeidh rochtain éasca orthu agus in aice leis an áit ina bhfuil na daoine ina gcónaí. Tá sé d'aidhm againn 95% den chúram iomlán a sholáthar sa phobal, lasmuigh d'ospidéil ghéarmhíochaine.

Forbróimid múnlaí nua cúraim ar fud an chórais sláinte ar fad ionas nach mbeidh gá ag daoine dul chuig an ospidéal agus go bhféadfar cóir a chur orthu sa phobal ar bhealach tráthúil agus freagrúil.

Cuirfimid cúram ar fáil thart ar an othar féin agus ar an úsáideoir seirbhísí agus cuirfear an t-othar i gceartlár gach a ndéanaimid. Déanfaimid é sin trí mhúnla nua de chúram comhtháite a fhorbairt ar fud ár seirbhísí ospidéil agus pobail ionas go gcuirfear cóir chuí ar dhaoine, áisiúil don áit a bhfuil cónaí orthu.

An aidhm dheiridh atá againn nach gcaithfidh daoine dul chuig an ospidéal go mbeidh gá leis, agus nuair a théann go mbeidh fáil acu ar na seirbhísí atá uathu, bíodh sin mar othar seachtrach nó mar othar cónaitheach, gan gá a bheith ag feitheamh ar feadh tréimhsí fada.

Do dhaoine a bhfuil cúinsí meabhairshláinte ag cur as dóibh, cuirfimid seirbhísí comhtháite meabhairshláinte ar fáil an oiread agus is féidir i measc an phobail agus in ionaid a bheith oiriúnach don aois.

Feabhsóimid ár dtréimhsí feithimh do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil measúnú agus cóireáil uathu.

I gcás úsáideoirí ár seirbhísí míchumais, cuirfimid seirbhísí comhtháite ar fáil a chloífidh leis na caighdeáin is airde le go bhféadfar daoine a chóireáil le meas agus le dínit agus iad a bheith ag maireachtáil chomh neamhspleách agus is féidir.

Tacóimid le daoine scothaosta trí réimse de sheirbhísí a chur ar fáil ar a n-áirítear cúram baile, cúram lae, cúram faoisimh, cúram gearrchuairte agus athshlánúchán ionas nach mbeidh gá dul san ospidéal. I gcás daoine a bhfuil cúram ospidéil uathu, tacóimid lena luathscaoileadh as an ospidéal trí chúram céim síos a chur ar fáil mar aon le tacaíochtaí cúram baile agus seirbhíse teiripe. Nuair a bheidh gá leis, cuirfimid fáil thráthúil ar chúram fadtéarmach.

I gcásanna éigeandála beidh gá ag daoine le seirbhísí otharchairr. An aidhm atá againn don todhchaí ná go mbeadh ár bhfoireann ardoilte in ann an chóireáil chuí a thabhairt do dhaoine ar an bhfón (Éist agus Cóirigh), ar an láthair (Cóirigh agus Scaoil Amach) nó trí dhaoine a thabhairt chuig an ospidéal. Leanfaimid orainn ag cur oiliúna ar ár bhfoireann otharchairr go dtí na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr.

## Nithe a Dhéanfaimid

- Seirbhísí cúraim phríomhúil a neartú, lena n-áirítear rochtain do chleachtadh ginearálta ar sheirbhísí diagnóiseacha mar radagrafaíocht agus ultrafhuaim
- Breis rochtana ar chúram cleachtaidh ghinearálta gan aon táillí faoi réir pholasaí an rialtais
- Conradh nua a fhorbairt do Dochtúirí Teaghlaigh
- Cumhdach agus seirbhísí na bhFoirne Idirghabhála Pobail a leathnú
- Dlúthchaidreamh oibre a fhorbairt idir speisialtóirí ár n-ospidéal agus lianna cúraim phríomhúil le fáil níos éasca a bheith ar chomhairle speisialtóra do bhainistiú othar
- Rochtain a fheabhsú ar sheirbhísí ospidéil, othar seachtrach agus pobail, agus agaí feithimh a laghdú
- Roinnt Príomhchlár Comhtháite Cúraim a chur i bhfeidhm, ar a n-áirítear daoine scothaosta, cosc agus bainistiú ar ghalair ainsealacha, sláinte leanaí agus máithreacha, agus sruth na n-othar a fheabhsú
- Cláir a fhorbairt chun feabhas a chur ar chaighdeán agus ar shábháilteacht na seirbhísí meabhairshláinte d'aosaigh, do leanaí agus d'ógánaigh
- Réimse de thacaíochtaí baile agus pobail a chur ar fáil le go bhféadfaidh daoine scothaosta maireachtáil go neamhspleách a fhad agus is féidir
- Seirbhísí a fhorbairt do dhaoine le míchumas ionas go mbeidh tacaíocht acu chun páirt a ghlacadh sa sochaí agus a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach
- Fáil a chur ar sheirbhísí do chúram maolaitheach agus ar chúram atruach deiridh saoil
- Na hathruithe suntasacha atá ag teastáil sa tSeirbhís Naisiúnta Otharcharranna a bhrú chun cinn faoi réir na gcaighdeán dea-chleachtais
- Cuidiú chun rochtain níos fearr ar sheirbhísí a bheith ag grúpaí imeallaithe

## Mar a Thomhaisimid Rathúlacht

- Cúram cleachtaidh ghinearálta in aisce ag an bpointe rochtana do leanaí faoi 6 bliana agus do dhaoine os cionn 70 agus pleananna a bheith i bhfearas faoi réir pholasaí an Rialtais
- Conradh na nDochtúirí Teaghlaigh i bhfeidhm
- Mion-mháinliacht a bheith ar fáil in ionaid chúraim phríomhúil agus rochtain dhíreach ar dhiagnóisic
- Othair agus úsáideoirí seirbhísí a bheith páirteach i bhforbairt a bplean cúraim féin
- Eolas agus comhairle shoiléir agus inchomparáide a bheith ar fáil chun tacú le daoine aonair agus lena dteaghlaigh chun roghanna a dhéanamh maidir le soláthar seirbhísí
- A ngnáthamh leighis lae nó cónaitheach a bheith ag 100% d'othair laistigh de 5 mhí ón dáta atreorúcháin
- Coinne othar seachtrach a bheith faighte ag 100% d'othair laistigh de 8 mí ón dáta atreorúcháin
- Feabhas a bheith ar scaoileadh amach tráthúil as an ospidéal nuair a bheith an géarchúram críochnaithe
- 100% d'othair nach bhfuil grinniú uathu a bheith tugtha isteach, aistrithe nó ligthe abhaile laistigh de 6 huaire ón am a sroicheann siad an rannóg éigeandála
- Tástáil dhiagnóiseach a bheith ag 99% d'othair a bhfuil sin uathu laistigh de 2 mhí ón dáta atreorúcháin
- Gan fanacht níos faide ná coicís lena gcéad choinne mar othar seachtrach a fháil, a bheith ar 95% d'othair ar dearnadh atreorúchán práinneach orthu i dtaca le fadhbanna brollaigh (amhras go bhfuil ailse ann)
- 95% d'othair feicthe laistigh de 10 lá oibre tar éis atreorúcháin phráinne chuig clinic mear-rochtana scamhóg
- 90% d'othair feicthe laistigh de 2 lá oibre tar éis atreorúchán práinneach chuig clinic mear-rochtana scamhóg
- Cóireáil tosaithe ar 95% d'othair laistigh de choicís ón dáta diagnóisithe i gcás gach ailse
- Gan fanacht níos faide ná 4 seachtainí a bheith ar 100% d'othair a atreoraítear ar bhonn práinne d'ionscópacht ar an drólann
- Gan fanacht níos faide ná 13 seachtainí ar choinne a bheith ar 100% d'othair a atreoraítear d'ionscópacht ar an drólann nó do ghastrascóip ghnáthúil
- Dáta sceidealaithe máinliachta eile faighte laistigh de 28 lá ag 100% d'othair a gcealófar a n-obráid ar chúiseanna neamhchliniciúla
- Ní chealófar aon obráid phráinneach an dara huair
- In aonad cónaitheach cuí ó thaobh aoise de a chuirfear 95% de leanaí agus d'ógánaigh a bhfuil gá acu le háit chónaitheach do ghéarchúram meabhairshláinte leanaí agus ógánach
- Breathnóidh an Fhoireann Mheabhairshláinte ar 95% de na hatreorúcháin a nglacfar leo chuig seirbhís mheabhairshláinte chun a gcéad choinne a fháil laistigh de 8 seachtainí
- Beidh freagairt éigeandála ó otharcharr laistigh de 18 nóiméad agus 59 soicind ar 80% de ghlaonna ECHO (stad cairdiach nó riospráide atá ina bhaol báis) agus DELTA (breoiteacht nó gortú, seachas stad cairdiach nó riospráide, atá ina bhaol báis)
- Deanfar gach aistriú idir otharcharranna agus rannóga éigeandála laistigh de 30 nóiméad
- Feabhas a bheith ar an ráta fáltais de chiorclaíocht spontáineach (ROSC) in othair le stad cairdiach lasmuigh den ospidéal a bhfuil cúram réamhospidéil faighte acu tríd an tSeirbhís Naisiúnta Otharcharranna

## Nithe atá ar Eolas Againn Anois

- **Bíonn 939,600 teagmháil sa bhliain le seirbhísí cleachtaidh ghinearálta taobh amuigh d'uaireanta oibre**
- **Faigheann an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna 290,000 glao éigeandála gach bliain**
- **10.3 milliún uair an chloig de chúnamh baile á soláthar gach bliain chun cuidiú le daoine scothaosta fanacht sa bhaile**
- **Fuair 3,329 duine cúram in aonaid ghéarchúraim mheabhairshláinte d'aosaigh in 2014**
- **Faigheann 1.4 milliún duine cúram in 48 ospidéal gach bliain**
- **Faigheann 3 mhilliún othar seachtrach comhairle ó chliniceoir gach bliain**
- **Faigheann 1.2 milliún duine cúram i Rannóga Éigeandála gach bliain**
- **Feictear 94% d'atreorúcháin phráinneacha ailse brollaigh laistigh de choicís**
- **I gcás 96% de dhaoine a bhfuil gá acu le cúram maolaitheach mar othair chónaithe, tógtar isteach iad laistigh de 7 lá**

# Cuspóir 3

## Cultúr a chothú a bheidh macánta, atruach, follasach agus freagrach

Cuirfimid seirbhísí sláinte agus seirbhísí pearsanta sóisialta ar fáil le cúram agus le taise. Áirithe ansin beidh cneastacht agus oscailteacht lenár n-othair, le húsáideoirí ár seirbhísí, leis an bpobal agus lenár bhfoireann.

## Ár Mian

Éisteoimid go measúil, cineálta, tuisceanach agus go comhbhách le hothair, úsáideoirí seirbhísí agus cúramóirí le linn pleanála agus seachadadh seirbhísí.

Táimid ag iarradh go mbeadh eispéireas maith ag daoine a bhfuil deacrachtaí acu le sláinte mheabhrach agus fhisiciúil le linn dóibh a bheith i gcúram ospidéil, príomhúil nó pobail.

Trí fheabhas a chur ar chaidreamh agus ar rannpháirtíocht, tá sé mar aidhm againn comhchaidrimh gairmiúil atá oscailte, measúil agus iontaobhach a chothú lenár n-othair agus le húsáideoirí ár seirbhísí.

Feabhsóimid an t-eolas a chuirimid ar fáil d'othair agus d'úsáideoirí seirbhísí ionas go mbeidh siad in ann roghanna a dhéanamh faoina gcúram.

Éisteoimid le hothair, le húsáideoirí seirbhísí agus lenár bhfoireann chun eolas a fháil faoin taithí atá acu ar an gcúram chun feabhas a chur ar ár seirbhísí. Cuirfimid ar chumas na n-othar aiseolas fíor-ama faoi chaighdeán na seirbhísí a chur ar fáil, rud a bheidh an fhoireann in ann a úsáid chun feabhsúcháin phraiticiúla agus thráthúla a chur ar na seirbhísí atá á soláthar acu.

Cuid lárnach den chuspóir sin a chinntiú nach é amháin go mbeidh eispéaras cúraim na ndaoine sábháilte agus ar ardchaighdeán, ach freisin go mbeidh sé dírithe ar na daoine, comhbhách agus tuisceanach. Cuirfimid córais i bhfearas a laghdóidh baol earráide daonna agus dochar inseachanta d'othair, d'úsáideoirí seirbhísí agus don fhoireann. Nuair a rachaidh rudaí in aimhréidh, mar a tharlaíonn amanna, admhóimid é ar bhealach tráthúil, gabhfaimid leithscéal faoi, réiteoimid é le taise, cineáltas agus comhbhá, déanfaimid gníomh ceartaitheach agus cinnteoimid go bhfoghlaimeoimid ceacht uaidh chun an baol go dtarlódh sé arís a laghdú a oiread agus is féidir.

## Nithe a Dhéanfaimid

- Suirbhé bliantúil ar eispéaras úsáideoirí seirbhísí agus othar i ngach ospidéal agus seirbhís pobail
- Feabhas a chur ar ár gcaidreamh le hothair agus le húsáideoirí seirbhísí, lena dteaghlaigh agus lena gcúramóirí agus iad a bheith páirteach i ndearadh agus i seachadadh na seirbhísí
- Poiblíocht a thabhairt dár gcairt othar, *Tusa agus do Sheirbhís Sláinte*, ina n-imlínítear gach ar féidir le hothair agus úsáideoirí seirbhísí a bheith ag súil leis ón tseirbhís sláinte agus gach ar féidir lenár seirbhís sláinte a bheith ag súil leis uathusan.
- Feabhas a chur ar chórais aiseolais agus socrúchán ionas go mbeidh úsáideoirí seirbhísí agus othair in ann tagairt, moladh nó casaoid a dhéanamh gan dua.
- Socrúcháin rialachais a neartú trí Chreat Cuntasaíochta an FSS chun feidhmíocht a fheabhsú
- Tuairisc a fhorbairt do shraith nua de tháscairí cáilíochta agus torthaí do na seirbhísí go léir
- Eolas faoi thorthaí ár bhfeidhmíocht a fhoilsiú
- Cultúr féaráilte agus cóir a chothú laistigh den chúram sláinte trí pholasaí ar nós *Faisnéisiú Oscailte agus Tuairisciú Ionraic* a chur i bhfeidhm
- An pobal agus an fhoireann a spreagadh chun cúiseanna imní a léiriú ar bhealach oscailte
- Freagra a thabhairt go tráthúil agus go hoscailte ar thuairiscí ón FSS agus ó rialtóirí
- Próisis a chur i bhfearas le bainistiú, tuairisciú agus fiosrú éifeachtúil a dhéanamh ar gach cás sábháilteachta agus gach a mbeidh foghlamtha óna leithéid a roinnt lena chéile agus a chur i bhfeidhm
- Iniúchadh cliniciúil a dhéanamh chun feabhsúcháin den scoth ar sheirbhís a bhrostú
- Tacú le forbairt agus le feidhmiú na dtreoirlínte agus na múnlaí cúraim, ar a n-áirítear treoirlínte an Choiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC)
- Leanacht d'fheidhmiú na *National Standards for Safer Better Healthcare*

## Mar a Thomhaisimid Rathúlacht

- Méadú ar na rátaí rannpháirtíochta agus aiseolais ó úsáideoirí seirbhísí
- Na polasaithe Faisnéis Oscailte agus Tuairisc Ionraic a bheith feidhmithe i ngach cás cúraim sláinte
- *Creatlach Freagracht Feidhmíochta* feidhmithe go hiomlán agus monatóirithe go daingean
- Méadú a chur ar líon na nIniúchtaí Cliniciúla a dhéanfar
- Monatóireacht agus feidhmiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar mholtaí ó thuairiscí FSS agus ó rialtóirí
- Gach teagmhas agus cás tromchúiseach a thuairisciú, a bhainistiú agus a fhiosrú ar mhodh tráthúil



## Nithe atá ar Eolas Againn Anois

- **Taifeadadh 6,179 moladh agus fuarthas 8,375 casaoid in 2014**
- **Cuireadh 5,407 ceist Dála agus fuarthas 7,466 iarratas faoin Saoráil Faisnéise in 2014**
- **Tuairiscítear thart ar 100,000 teagmhas ar fud na seirbhíse sláinte don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát go bliantúil**
- **Bhí €1.084b in éilimh dlite tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag deireadh 2013**
- **Tá tuairiscí tugtha dúinn ag othair agus ag a muintir a rá nach raibh an córas sláinte oscailte agus follasach dóibh**

# Cuspóir 4

**Dul i dteagmháil lenár bhfórsa saothair, iad a fhorbairt agus meas a bheith orthu chun an cúram agus na seirbhísí is fearr a sheachadadh do na daoine atá ag brath orthu**

Tá ár bhfoireann ag croílár sheachadadh na seirbhísí cúraim sláinte – ag oibriú laistigh de agus ar fud na n-ionad cúraim ar fad atá sa phobal, in ospidéil agus in oifigí cúraim sláinte.

## Ár Mian

Is é ár mian go gcuirfear an cúram is fearr is féidir ar fáil dár n-othair agus dár n-úsáideoirí seirbhísí. Leanfaimid den infheistíocht agus den fhorbairt ar an bhfórsa saothair atá tiomanta do shárobair, a fháiltíonn roimh athrú agus nuálaíocht, a ghlacann le ceannaireacht agus le hobair foirne, agus a leanann den fhorbairt ghairmiúil agus den fhoghlaim.

Baineann ár gcur chuige d'fhorbairt an fhórsa saothair lenár bhfoireann féin chomh maith, Dochtúirí Teaghlaigh, Fiaclóirí, Cógaiseoirí agus na daoine atá ag obair sna hearnálacha deonacha agus neamhreachtúla.

Léiríonn an fhianaise go gcuireann foireann atá sona agus tiomanta cúram níos fearr ar fáil agus go mbíonn torthaí níos fearr ag a gcuid othar. Oibreoimid le go mbeidh gach ball foirne in ann an obair is fearr atá iontu a dhéanamh agus go mbrúfaidh siad an nuálaíocht agus cúram den scoth chun cinn.

## Nithe a Dhéanfaimid

- Straitéis i leith daoine a fhorbairt a thacóidh leis an athchóiriú sláinte níos leithne
- Fórsa saothair inbhuanaithe agus freagrúil a thógáil a mbeidh cumas, ábaltacht, solúbthacht agus inoiriúnaitheacht ann le freastal ar riachtanais athraitheacha na n-othar agus na n-úsáideoirí seirbhísí
- Oibriú chun caidreamh, comhairliúchán agus idirbheartaíocht a fheabhsú le comhlachtaí ionadaíochta na foirne
- Scileanna bainistíochta agus ceannaireachta a chothú
- Tacú le forbairt oideachais agus foghlamtha
- Cultúr measa a chothú i dtaca le heolas agus scileanna a chéile
- Ár gcumas a fhorbairt trí mhodhanna difriúla oibre
- Tacú leis an bhfoireann tosaigh a gcion a dhéanamh agus feabhas a chur ar an gcúram a sholáthraíonn siad
- Pleananna bliantúla oibre a fhorbairt ina leagfar síos an leibhéal de riachtanas foirne agus den mheascán scileann is gá
- Suirbhé foirne a dhéanamh gach bliain



## Mar a Thomhaisimid Rathúlacht

- Straitéis i leith daoine a bheith forbartha agus i bhfeidhm
- Earcaíocht a bheith feabhsaithe agus scoth na foirne a bheith á gcoinneáil
- Plean maoinithe don ionad oibre a bheith forbartha agus i bhfeidhm
- Pleananna Forbartha Pearsanta a bheith i bhfearas do gach ball foirne
- Rátaí neamhláithreachta na foirne a bheith laghdaithe ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta
- Treoir an AE um Am Oibre a bheith á chomhlíonadh
- Athbhreithniú Straitéiseach ar Struchtúr na hOiliúna agus na Gairme Míochaine (Tuarascáil Mhic Craith) a bheith i bhfeidhm
- Na moltaí i dtaca le soláthar foirne agus meascán scileanna a bheith forbartha agus i bhfeidhm
- Méid rannpháirtíocht na foirne i suirbhéanna foirne a fheabhsú bliain i ndiaidh bliana
- Beart a bheith déanta i dtaca le torthaí ó suirbhéanna foirne

## Nithe atá ar Eolas Againn Anois

- **Tá 97,791 de choibhéis ball foirne lánaimseartha ag tacú le soláthar cúraim laistigh den earnáil sláinte**
- **Idir Meán Fómhair 2007 agus deireadh 2014 tháinig laghdú c. 15,000, nó 13%, ar líon na foirne a bhí ag obair sa tseirbhís sláinte**
- **Tá sé deacair baill áirithe foirne le scileanna ar leith a earcú**
- **Ráta neamhláithreachta de 4.27% atá againn**
- **Tá an líon foirne a ghlacann páirt i suirbhéanna níos ísle ná mar ba mhaith linn**

# Cuspóir 5

## Acmhainní a bhainistiú ar mhodh a thabharfaidh na torthaí sláinte is fearr, a fheabhsóidh an tseirbhís do na húsáideoirí agus a léireoidh luach ar airgead

Oibrímid chun an córas cúraim sláinte is sábháilte agus is fearr a sholáthar do mhuintir na hÉireann. I gcomhar le gach soláthróir cúram sláinte agus roinn rialtais, úsáidfimid gach acmhainn atá sa tseirbhís sláinte ar an modh is fearr agus is éifeachtaí chun cúram den scoth a sholáthar mar agus eispéaras maith d'úsáideoirí na seirbhísí.

## Ár Mian

Tá saol gach duine againn athraithe go mór ag na hathruithe sa teicneolaíocht agus sa bhealach a ndéanaimid teagmháil lena chéile. Ní mór dúinn a chinntiú go smachtaímid úsáid na teicneolaíochta chun cúram níos fearr a sholáthar agus deis níos fearr a bheith ag daoine ár seirbhísí a fháil agus iad a úsáid.

Tá sé d'aidhm againn na forbairtí sa teicneolaíocht a úsáid chun seirbhísí feabhsaithe a sholáthar mar aon le cúram othar níos fearr agus torthaí feabhsaithe. Úsáidfear infheistíochtaí sa teicneolaíocht chun feabhas a chur ar éifeachtacht oibríochtúil, ar éifeachtúlacht costais, ar fhollasacht agus ar shábháilteacht othar.

Nuair a bhaileoidh an tseirbhís sláinte sonraí déanfar iarracht i gcónaí iad a chur i bhfoirm eolais as a mbainfear léargas cliniciúil d'othair agus do chliniceoirí araon. Má bhíonn eolas ann atá úsáideach don phobal, cuirfear é sin ar fáil.

Forbróimid múnlaí nua maoinithe ar a dtugtar *maoiniú bunaithe ar ghníomhaíocht* ionas go maoineofar ospidéil agus seirbhísí pobail de réir na gcineálacha seirbhísí a chuireann siad ar fáil, a dtoirt, a gcaighdeán agus a gcastacht, mar aon leis an obair a dhéanann siad.

Leanfaimid orainn ag neartú na socrúchán rialachais trínár gComhaontuithe Seirbhíse chun cuidiú le soláthar de chúram ardchaighdeáin agus chun an luach is fearr a fháil ar airgead.

Forbróimid ar gclár infreastruchtúir ar a n-áirítear roinnt mórthionscadal a athróidh ár seirbhísí ó bhun d'óg agus d'aosta araon.

Ní mór dár n-infheistíochtaí go léir buntáistí soiléire a bheith acu, luach ar airgead a sholáthar agus feabhas a chur ar eispéaras na n-othar agus na n-úsáideoirí seirbhísí inár gcóras cúraim sláinte.

## Nithe a Dhéanfaimid

- Oibriú leis an Roinn Sláinte chun creat coimisiúnaithe a fhorbairt do na seirbhísí sláinte
- Múnla nua oibriúcháin airgeadais a chur i bhfearas ar a n-áirítear córas náisiúnta comhtháite nua do bhainistíochta airgeadais agus soláthar
- Múnlaí do Mhaoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíocht a chur i bhfeidhm laistigh de chóras na n-ospidéal agus tús a chur lena bhfeidhmiú sna seirbhísí pobail
- Fáil amach cén bealach is fearr le múnlaí maoinithe a úsáid chun cúram comhtháite a chur chun cinn
- An Straitéis do Sheirbhísí Gnó Sláinte a chur i bhfeidhm agus fócas a bheith ar na custaiméirí
- Foirgnimh chuí, sócmhainní agus tionscadail chaipitil a bheith feistithe ionas go mbeidh siad oiriúnach don fheidhm agus de réir an mhodha a bhfuil sé beartaithe againn ár seirbhísí a sholáthar ar fud na nEagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail agus na nGrúpaí Ospidéal
- Leanúint le mórthionscadail, mar shampla
    - Ospidéal nua na Leanaí
    - an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais nua
    - Ionaid Chúraim Phríomhúla breise
    - Ospidéal Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí
- Bealaí difriúla a scrúdú chun aonaid nua altranais phobail a chur ar fáil chun cobhsaíocht agus inbhuanaitheacht a sholáthar do dhaoine scothaosta
- Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Polasaí ar Sheirbhísí Míchumais in Éirinn a chur i bhfeidhm chun múnlaí seirbhísí pobalbhunaithe, duinelárnach a sheachadadh do dhaoine atá faoi mhíchumas
- Freagracht a neartú leis na gníomhaireachtaí deonacha atá maoinithe ag an FSS
- Feidhmiú Ríomhsheirbhísí Sláinte Éireann a bhrú chun cinn, straitéis a chuirfidh feabhas ar fholláine an phobail, ar éifeachtúlachtaí na seirbhísí sláinte agus ar dheiseanna eacnamaíochta trí úsáid a bhaint as réitigh a bheidh cumasaithe ag an teicneolaíocht
- An Clár um Aitheantóir Aonair Sláinte a fheidhmiú ionas go n-aithneofar go cruinn gach duine a bhfuil gá acu lenár seirbhísí, rud a chuirfidh feabhas ar shábháilteacht na n-othar, ar éifeachtúlachtaí agus ar éifeachtachtaí ar fud an chúraim sláinte
- Cláir nua a fhorbairt a athróidh an bealach a ndéanaimid ár seirbhísí a sholáthar agus a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as cumas na teicneolaíochta digití, mar shampla:
    - Córas ríomhchuidithe náisiúnta seolta don tSeirbhís Naisiúnta Otharcharranna
    - Córas a bheadh lárnaithe ar bhainistíocht cúraim phríomhúil na n-othar
    - Taifead leictreonach sláinte d'Éirinn
    - Infreastruchtúr digiteach do sheachadadh cúram ailse agus ríomhchóras teicneolaíochta acmhainní daonna do bhainistíocht agus tuairisciú an fhórsa saothair
    - Ríomhchóras um atreorú ón dochtúir teaghlaigh go dtí an t-ospidéal agus ríomhchóras um ordú oideas a chinnteodh sábháilteacht cáilíochta agus éifeachtach ó thaobh costais de sna horduithe

## Mar a Thomhaisimid Rathúlacht

- Maoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíocht a bheith i bhfeidhm i ngach ospidéal le éifeachtúlachtaí agus táirgiúlacht
- Tús a bheith curtha le Maoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíocht sna seirbhísí pobail
- Múnla agus córas nua oibriúcháin airgeadais curtha chun cinn
- Múnla maoinithe a bheith forbartha agus i bhfeidhm le cúram comhtháite a chur chun cinn
- Straitéis do Sheirbhísí Gnó Sláinte curtha i bhfeidhm
- Tionscadail chaipitil a bheith soláthraithe de réir Chlár Caipitil FSS
- Ráiteas Comhlíontachta agus Socruithe Seirbhíse bliantúla i bhfearas agus monatóirithe go éifeachtach
- Ríomhsheirbhísí Sláinte Éireann bunaithe agus ag soláthar teicneolaíochtaí nua
- Aitheantóirí Sláinte Aonair i bhfearas agus i bhfeidhm i réimsí tosaíochta

### Nithe atá ar Eolas Againn Anois

- **€12.1 billiún an buiséad atá againn do 2015, cosúil le 2009, in ainneoin an daonra a bheith méadaithe, go háirithe san aoisghrúpa os cionn 65 bliain d'aois**
- **Faigheann breis agus 2,000 gníomhaireacht neamhreachtúil maoiniú chun luach €3.125 billiún de sheirbhísí a sheachadadh**
- **Níl córais nua-aimseartha, comhtháite eolais, fórsa saothair agus airgeadais againn**
- **Caitheann tíortha eile idir 2% agus 3% dá mbuiséad sláinte ar ICT gach bliain; caitheann Éire 0.9%**
- **Tá 2,594 ionaid réadmhaoine ag FSS ar a n-áirítear ospidéil, saoráidí cúraim sláinte pobail agus ionaid riaracháin**

## Múnla Seachadta Seirbhísí Sláinte don Todhchaí

Ar feadh shaolré an Phlean Corparáidigh seo, athróimid go bunúsach an bealach ina n-oibríonn an tseirbhís sláinte trí:

- Córas seachadta sláinte a chruthú a bheidh cumhachtaithe agus freagrach trí Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail agus Grúpaí Ospidéal a bhunú mar aon le hathchóiriú a chur ar an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil agus ar an tSeirbhís Naisiúnta Otharcharranna
- Múnlaí cúraim a thógáil agus a dhearadh a bheidh othar-lárnaithe, fianaise-bhunaithe agus treoraithe go cliniciúil ar fud na heagraíochta
- Timpeallacht a chothu a thacóidh le taighde agus le hoideachas
- Na príomhfheidhmeanna tacaíochta a athchóiriú – Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Seirbhísí Gnó Airgeadais agus Sláinte (Seirbhísí Comhroinnte)

**Beidh roinnt polasaithe agus straitéisí lárnacha ag treorú agus ag rialú sholáthar na seirbhíse sláinte thar shaolré an Phlean Chorparáidigh seo.**

## Conclúid

Leagann an Plean Corparáideach seo amach ár n-uaillmhian do na seirbhísí go léir, gach a dhéanfaimid chun é a bhaint amach agus mar a thomhaisfimid an dul chun cinn.

I gcásanna áirithe, lenár n-uaillmhian a sheachadadh agus a bheith rathúil inár gcuspóirí, beidh gá le cabhair a bheidh lasmuigh den eagraíocht – polasaí, athrú reachtaíochta agus breis maoinithe.

Cuirfidh Pleananna Seirbhíse Naisiúnta bliantúla sonraí ar fáil faoi na gníomhaíochtaí agus na hacmhainní a bheidh i gceist do gach bliain den Phlean Corparáideach.



Ospidéal an Dr. Steevens
Lána Steevens
Baile Átha Cliath 8
Teileafón: 01 6352000
www.hse.ie

Márta 2015
**ISBN 978-1-906218-91-1**
© 2015 FSS